


inniu, amárach, le chéile



RTE

Ráiteas Straitéise RTE 2015-2019

An tAcht Craolacháin 2009	1
Réamhfhocail ón gCathaoirleach	2
1. Réamhrá	3
2. Timpeallacht na Meán in Éirinn 2015-2019	4
3. An Comhthéacs Airgeadais	5
4. Fís, Misean agus Luachanna RTÉ	7
5. Punann Seirbhísí RTÉ	8
6. Aidhmeanna Straitéise Ardleibhéil 2015-2019	9
7. Aidhmeanna Straitéiseacha RTÉ a Thabhairt I gCrích	10
8. Bainistíocht Priacail	15

Faoi Acht Craolacháin 2009 (an tAcht), tugadh isteach trí cheanglas tuairiscíochta nua atá le sásamh ag RTÉ, mar seo a leanas:

Ráiteas Seirbhíse Poiblí 2015

Ní mór do RTÉ ráiteas seirbhíse poiblí a ullmhú, tar éis próiseas comhairliúcháin poiblí, ina leagtar amach na prionsabail a ndéanfaidh RTÉ dá réir agus na bearta a dhéanfaidh RTÉ d'fhonn na cuspóirí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích. Cuireadh Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ faoi bhráid an Aire an 9 Iúil 2015.

Ráiteas Straitéise 2015-2019

Ní mór do RTÉ ráiteas seirbhíse poiblí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire. Leagtar amach sa ráiteas straitéise an straitéis atá ag Bord RTÉ chun na haidhmeanna faoi Acht Craolacháin 2009 a thabhairt i gcrích, le haird ar na hacmhainní atá ar fáil ag RTÉ. Cuireadh Ráiteas Straitéise RTÉ 2015-2019 faoi bhráid an Aire an 9 Iúil 2015.

Ráiteas Bliantúil faoi Ghealltanais Feidhmíochta

Ní mór do RTÉ, faoi dheireadh mí Eanáir gach bliain, Ráiteas Bliantúil faoi Ghealltanais Feidhmíochta (ASPC) a ullmhú. Ní mór an ráiteas sin a bheith ag teacht le cuspóirí RTÉ, leis an Ráiteas Straitéise agus leis an Ráiteas Seirbhíse Poiblí. Luaitear san ASPC na bearta atá leagtha amach ag RTÉ a dhéanamh i rith na bliana sin agus na táscairí feidhmíochta a ghabhann leo. Tugann RTÉ tuairisc gach bliain sa Tuarascáil Bhliantúil ar a fheabhas a chomhlíontar na gealltanais a luaitear sa Ráiteas Bliantúil faoi Ghealltanais Feidhmíochta, nó a mhalairt. Chuir RTÉ Ráiteas Bliantúil faoi Ghealltanais Feidhmíochta faoi bhráid Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) gach bliain ón mbliain 2010 i leith.

Tá RTÉ sa lá atá inniu ann ag crosbhóthar cinniúnach cruthaitheachta idir faisnéis, cultúr agus teicneolaíocht. Is beag eagraíocht eile, má tá aon eagraíocht eile, atá in áit chomh lárnach i saol na hÉireann.

Ar aon dul le gach eagraíocht eile, ní mór do RTÉ súil chun cinn a bheith aige i goónaí. Ábhar spreagtha agus spéise a bhfuil i ndán. Tá deiseanna ann ag RTÉ cur leis an bhfiúntas don phobal trí sheirbhísí nua ar an idirlíon agus ar dheiseanna so-iompair. Tá an deis ann ceangal le lucht éisteachta agus féachana ar bhealaí nua trí na meáin shóisialta, aird a mhealladh agus caidreamh a chothú leo. Agus tá deiseanna nua ann ag RTÉ oibriú i gcomhar le réimse páirtnéirí, idir shean agus nua, chun borradh a chur arís faoi eacnamaíocht na cruthaitheachta in Éirinn.

Ina ainneoin sin, cé go nglaoфар leis na deiseanna sin agus go dtapófar iad, beidh an phríomhbhéim i goónaí ag RTÉ ar an rud a dhéantar go sármhaith – cláracha agus ábhar Éireannach den sooth a chruthú agus a choimisiúnú, a bheith ar an bhfoinse is iontaofa maidir le nuacht agus cúrsaí reatha in Éirinn agus imeachtaí náisiúnta a chur ar fáil.

Is í an bhéim seo ar ábhar Éireannach den ardchaighdeán an freagra is fearr ó RTÉ ar na dúshláin a bhaineann le margadh ar mó i gceist an ghné dhomhanda de le himeacht ama, ina bhfuil iomaíocht níos géire, dealú ina ilchoda ar an lucht éisteachta agus féachana agus cur isteach ón teicneolaíocht dhigiteach. Trí bhéim níos géire ar chláracha agus trí bhonn taca a chur faoi lucht déanta cláracha agus faoi lucht iriseoireachta, tapaíonn RTÉ na buanna is tábhachtaí atá ann; cinntítear go mbíonn teacht i goónaí ag muintir na hÉireann ar chláracha agus ar ábhar ardchaighdeán de chuid na hÉireann; agus cuidítear le hearnáil bhríomhar dhúchasach léiriúcháin sna meáin chumarsáide - a bhfuil oiread tábhachta léi in eacnamaíocht chruthaitheach na hÉireann - a choinneáil ar bun.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo na pleannanna atá ag RTÉ go ceann cúig bliana agus iad rangaithe de réir cúig cinn d'aidhmeanna straitéiseacha ardleibhéil. Leagtar amach an bealach a gcuirfidh RTÉ forfheabhas ar sheirbhísí agus ar ábhar, ina dtapófar teicneolaíocht nua agus ina dtabharfar eagraíocht níos oscailte chun cinn atá tugtha don fhoghlaím.

Ar ndóigh, tá aomhainn RTÉ na haidhmeanna a thabhairt i gcoríoch ag brath go mór ar na hacmhainní a chuirtear ar fáil don eagraíocht. Faoi mar a éilítear faoin reachtaíocht, leagtar an Straitéis seo amach i gcomhthéacs cúrsaí airgid. Is cuid amháin den chomhthéacs sin an tionchar mór a bhí ag an gcúlú eacnamaíochta in Éirinn ar RTÉ agus ar earnáil na meán cumarsáide agus is cuid eile na moltaí soiléire a d'eascair ó na hathbhreithnithe neamhspleácha éagsúla a rinneadh ar mhodhanna oibre agus ar éifeachtúlacht RTÉ le roinnt blianta anuas.

Le blianta beaga, bhí ar RTÉ athchruthú a dhéanamh ar an eagraíocht, ní hamháin mar gheall ar na deacrachtaí géara airgid a cuireadh roimhe, ach mar gheall freisin ar chora nua i gcúrsaí teicneolaíochta, i nósmaireacht an lucht éisteachta agus féachana agus iomaíocht nua ag teacht chun cinn. Tá cruthaithe ag RTÉ go bhfuiltear inoiriúnaithe agus seasmhach in éadan dhúshláin de na cineálacha sin, a bhuíochas sin den chuid is mó do mhuinín na heagraíochta as a cumas maith a dhéanamh den ghealltanas ba bhun lena chur ar bun os cionn 50 bliain ó shin - gealltanas a bhféadfaí a rá gur tábhachtaí sa lá atá inniu é ná ag tráth ar bith eile ó shin. Tá buntábhacht leis an muintir sin agus leis an dúthacht i leith an athchruthaithe, na hathnuachana agus na nuála más le RTÉ a bheith tábhachtach san am atá romhainn agus fiúntach dáiríre don lucht éisteachta agus féachana.

Tá díol spéise faoi leith sna blianta seo romhainn in Éirinn; beidh an bhliain 2016 go háirithe ina bliain machnaimh, díospóireachta, feachtasaíochta agus ceiliúrtha. Beidh RTÉ páirteach ansin agus ag tráchttaireacht ar na cúrsaí go léir agus ar an iliomad eile i rith na gcúig bliana seo romhainn. An Straitéis seo a bheidh ag treorú ár gcuid oibre ar an ród.

Moya Doherty
Cathaoirleach Bhord RTÉ

Mar a éilíodh mar chuid den phróiseas athbhreithnithe reachtúil, chuir RTÉ Straitéis 5 Bliana (2013-2017) mionsonraithe faoi bhráid an Údaráis Craolacháin sa bhliain 2013. Ba leagan níos mionsonraithe a bhí ansin de Ráiteas Straitéise RTÉ sa bhliain 2010.

Tar éis iniúchadh dian a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta, féachann Straitéis 5 Bliana RTÉ a chinntiú go mbíonn an t-ábhar seirbhíse poiblí agus an meon seirbhíse poiblí lárnach i goónaí i saol mhuintir na hÉireann agus an saol ag athrú i ndáil leis an teicneolaíocht nua maidir le meáin chumarsáide. Cuireann an Straitéis modh rishoiléir ar fáil maidir le cláracha agus ábhar seirbhíse poiblí, ar de chuid na hÉireann go sainiúil iad, a chothú agus a fhorfheabhsú an tráth céanna a bhfuil srianadh curtha le cuid mhór seirbhísí poiblí.

Mar a leagtar amach go mion i Ráitis Bhliantúla RTÉ faoi Ghealltanas Feidhmíochta agus i dTuarascálacha Bliantúla RTÉ ón mbliain 2013 i leith, tá RTÉ anois leath bealaigh tríd an Straitéis Cúig Bliana a chur i gcoríoch.

An 10 Feabhra 2015, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha ceapadh Bhord nua RTÉ chun críche. Ghlac an Bord nua le Straitéis 5 Bliana RTÉ 2013-2017 mar bhonn leis an Ráiteas Straitéise 2015-2019 agus le Ráiteas Seirbhíse Poiblí 2015 RTÉ.

Ag gabháil leis an Ráiteas Straitéise, tá Ráiteas Seirbhíse Poiblí athleasaithe RTÉ. Tá leasú déanta air sin ionas go dtugtar san áireamh an tsochaí, an timpeallacht eacnamaíochta agus an timpeallacht meán cumarsáide so-athraitheach ina bhfuil RTÉ ag feidhmiú sa lá atá inniu ann.

Tá mar aidhm le straitéis 5 bliana RTÉ a chinntiú go mbeidh ábhar agus luachanna na seirbhíse poiblí lárnach i goónaí i saol na nÉireannach agus iad ag dul i dtaithí ar theicneolaíochtaí nua na meán.



2. TIMPEALLACHT NA MEÁN IN ÉIRINN 2015-2019

Tá straitéis éifeachtúil d'eagraíocht Meán Cumarsáide Seirbhíse Poiblí ag brath ar thuiscint ar luas agus ar an scóip a bhaineann leis an athrú atá ag tarlú sa mhargadh ina timpeall. Seo a leanas cuntas achoimre ar na príomhghnéithe athraitheacha de mhargadh na meán cumarsáide in Éirinn:

- Is léir cheana féin ar mhargadh na meán cumarsáide in Éirinn go bhfuil an chraoltóireacht agus gnéithe den teicneolaíocht atá ag brath ar cheangal leathanbhanda á nascadh ina chéile ionas go gcorthaítear margadh meán cumarsáide níos casta agus i bhfad níos forleithne. Oé gur léir réimse níos fairsinge gníomhairí agus deiseanna trealaimh ar an eiceachóras nua seo, chomh maith le roghchlár ábhair gan teorainn, ní hé atá le tuiscint go n-imeoidh córais sheanbhunaithe teilifíse agus raidió as ar fad. Tá le tuiscint ó na sonraí is deireanaí ar fhéachaint teilifíse in Éirinn gur ábhar beo agus taifeadta 85% den ábhar a bhféachtar air, rud atá buntábhachtach ó thaobh ioncam fógraíochta. Éistean 84% de dhaoine fásta in Éirinn leis an raidió ar ghnáthlár. Ina ainneoin sin, leanfaidh an brú ag teacht ó roghanna nua.
- Beidh rogha níos leithne maidir le hábhar agus seirbhísí meán cumarsáide ag an lucht féachana agus éisteacht in Éirinn ná mar a bhí riamh go dtí seo. Is é an fón póca an réimse is mó a bhfuil forás faoi agus is fón cliste beagnach dhá thrian de na fóin phóca ar fad in Éirinn faoin tráth seo. Is trí dheiseanna so-iompair a tharláinn níos mó ná 70% den cheangal le seirbhísí ar líne RTÉ anois.
- Tá Éire ar cheann de na tíortha is mó ar domhan a mbaintear úsáid as na meáin shóisialta anois. Tá le tuiscint ó shonraí le gairid go bhfuil níos mó ná 60% de na daoine fásta ag úsáid Facebook agus an tríú cuid ag úsáid Twitter.
- Tá an choimhlint maidir le lucht féachana agus éisteachta agus le hioncam níos géire ná mar a bhí riamh agus comhlachtaí domhanda ag feidhmiú níos minice ar mhargaí áitiúla. Ocht gcoinne de chainéil teilifíse a bhí ag díol fógraíochta ar mhargadh na hÉireann ag tús na bliana 2001, ceithre cinn acu ón taobh amuigh den tír. Tá 45 cainéal anois ag díriú go díreach ar lucht féachana in Éirinn agus is cainéil de chuid an Ríochta Aontaithe 38 acu sin.

- Is dócha go mbeidh cuma an-éagsúil ar chúrsaí déimeagrafaíochta san am atá romhainn seachas daonra an lae inniu agus beidh sciar níos mó den lucht féachana agus éisteacht aosta nó an-óg chomh maith le héagsúlacht níos mó a bheith i gceist rud a fhágfaidh réimse roghanna níos fairsinge agus réimse iompair dá réir.
- Tá brostú faoi athrú ar iompar an lucht féachana agus éisteachta ionas gur mó atá gníomhach i mbun ábhar a aimsiú seachas ag glacadh go héighníomhach leis an ábhar a chuirtear ar fáil. Ní mór do chraoltóirí agus d'eagraíochtaí meán cumarsáide dul in oiriúint don nósmaireacht nua seo. Tá borradh freisin faoi ról na meán sóisialta maidir le hábhar a aimsiú.
- Bítear ag súil anois go mbeidh ábhar ar fáil tráth ar bith in áit ar bith mar gheall ar an réimse deiseanna nua atá ar fáil; ach, ina ainneoin sin, is léir ó obair thaighde a

rinneadh go dtapaíonn daoine cineálacha áirithe ábhair ar dheiseanna faoi leith agus go mbíonn athrú ina leith sin ag brath ar aois an duine agus ar an teacht atá ar cheangal leathanbhanda.

- Ábhar ardchaighdeán de chuid na hÉireann atá i lár báire maidir leis an slabhra fiúntais, ach tá costas ard ag baint leis sin agus, dá thoradh sin, is beag comhlacht in Éirinn atá ag cur ábhar dúchasach de chuid na tíre ar fáil.
- Níl an luas céanna faoin athrú ar chórais iomaíochta agus rialála is atá faoin athrú ar chúrsaí teicneolaíochta agus ar nósmaireacht an lucht féachana agus éisteachta, agus tá baol dáiríre ann go dtarlóidh dlús níos tréine ó thaobh cumhacht chomhlachtaí idirnáisiúnta sa mhargadh agus go mbrúfar amach comhlachtaí áitiúla nach bhfuil chomh mór céanna.

3. AN COMHTHÉACS AIRGEADAIS

Ar an gcaoi chéanna nach foláir don Ráiteas Straitéise seo a theacht faoi anáil na n-athruithe ar an timpeallacht meán cumarsáide ina n-oibríonn RTÉ, ní foláir freisin aird a bheith ar staid airgeadais reatha RTÉ agus, mar a luaitear sa reachtaíocht, ar na hacmhainní is dócha a bheidh ar fáil ag an eagraíocht i rith na góig bliana seo romhainn.

An Tionchar ag bhí ag an gCúlú Eacnamaíochta 2008-2013

Ar aon dul le cuid mhór eagraíochtaí, bhí tionchar mór ag an góulú eacnamaíochta in Éirinn ar chúrsaí airgeadais in RTÉ agus ar an bpleanáil straitéiseach.

I rith na mblianta 2008-2013, tháinig laghdú 26% ar iomlán an ioncaim bhliantúil ag RTÉ (€441m sa bhliain 2008 go dtí €327m sa bhliain 2013). Tháinig laghdú €95 milliún ar an ioncam tráchtála bliantúil, c. 40%. Anuas air

sin, laghdaíodh an maoiniú poiblí bliantúil €19 milliún i rith an ama céanna (agus tháinig ciorrú €5m eile i mBuiséad 2014).

D'fhonn bonn seasmhach airgeadais a chur faoin eagraíocht an athuair, rinne RTÉ laghdú 30% ar an mbonn costais oibriúcháin faoin mbliain 2013 i gcomórtas leis an mbliain 2008 (€439m sa bhliain 2008 go dtí €307 milliún sa bhliain 2013) an tráth céanna ar coinníodh na seirbhísí poiblí ar fad ar bun agus a ndearnadh infheistíocht i seirbhísí digiteacha nua.

Bhí toradh suntasach ar an athstruchtúrú in RTÉ. Idir an bhliain 2008 agus deireadh na bliana 2013, d'fhág beagnach 500 duine an fhoireann. Is ionann sin agus laghdú 21% ar lucht saothair RTÉ.

Cé go ndearna RTÉ iarracht na seirbhísí agus na cláracha a chosaint a oiread agus ab fhéidir,

tháinig laghdú c. €100 milliún idir an bhliain 2008 agus an bhliain 2013 ar an infheistíocht bhliantúil i léiriúcháin cláracha teilifíse de chuid na hÉireann (taobh istigh de RTÉ agus ar coimisiún ó RTÉ ag an eamáil léiriúcháin neamhspleách).

Athbheithnithe Seachtracha

Ón mbliain 2013 i leith, tugadh faoi athbheithniú seachtrach neamhspleách ar RTÉ níos mó ná aon uair amháin. Chomh maith leis na hathbheithnithe feidhmíochta bliantúla a dhéanann an tÚdarás Craolacháin, rinneadh athbheithniú níos mine ar RTÉ, athbheithniú cúig bliana, sa bhliain 2013. Tugadh faoi dhá athbheithniú eile i rith na bliana 2014; ceann maidir le cúrsaí éifeachta a rinne New Era agus ceann eile ar mhargadh na fógraíochta in Éirinn a rinne Indecon, an péire acu thar ceann na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha.



3. AN COMHTHÉACS AIRGEADAIS

Ar Lean

Athbhreithnithe cuimsitheacha a bhí sna hathbhreithnithe neamhspleácha sin. Rinneadh anailís, tagarmharcáil agus athbhreithniú go mion ar bheagnach gach gné d'obair uile RTÉ agus ar an mbealach a ndéantar an obair sin. Bhí comhairle agus moltaí soiléire a d'eascair as na hathbhreithnithe i rith an ama sin:

- Meastar go bhfuil RTÉ á rith go héifeachtúil agus gur beag scóip atá ann chun tuilleadh laghdú a dhéanamh ar chostas.
- I bhfianaise ghnéithe casta mhargadh na meán cumarsáide in Éirinn, tháinig Indecon ar an gcomhairle gur dócha go leanfaidh RTÉ ag cailleadh sciar den mhargadh go ceann 4-6 bliana agus go gcuirfidh sin teorainn le haomhainn na heagraíochta cur go suntasach leis an ioncam tráchtála sa mheántearma.
- Tá molta ag an Údarás Oraolacháin agus ag New Era araon go smaioineofaí ar an maoiniú poiblí do RTÉ a ardú.
- Ba é comhairle Crowe Horwath gur gá do RTÉ níos mó infheistíochta a dhéanamh i seirbhísí digiteacha, i gcórsaí dáileacháin agus infreastruchtúir, ionas go gcaomhnáítear agus go gcothaítear an cion tairbhe seirbhíse poiblí sa mheántearma agus sa bhfadtéarma. Aontaíonn New Era leis an tuairim sin.

Oé gur ghnóthaigh RTÉ barrachas beag roimh chánachas €1.1m sa bhliain 2013 agus €0.9m sa bhliain 2014, táthar ag tuar gur beag foráis a thiocfaidh sa mheántearma. Dá thoradh sin, tá an staid airgeadais teoranta go maith i goónaí.

Na réimsí ar gá do RTÉ infheistíocht bhreise a dhéanamh iontu

Cláracha agus Ábhar

Níor chuidigh an laghdú géar ar an infheistíocht i goláracha de dhéantús na hÉireann i rith na mblianta 2008-2013 leis an laghdú géar atá ar sciar RTÉ den lucht féachana teilifíse. Bhí tionchar suntasach freisin ag an neamhinfeistíocht sin ar an earnáil léiriúcháin neamhspleách.

Tá leagtha amach go soiléir ag RTÉ sa straitéis Cúig Bliana na réimsí sin maidir le cláracha agus ábhar ina ndéanfaí infheistíocht dá mbeadh acmhainní ar fáil chuige sin. Is iad sin na réimsí príomhthábhachta i goónaí ag RTÉ maidir le breis infheistíochta. Tá geallta ag RTÉ freisin níos mó ná 50% de chláracha nua a choimisiúnú ón earnáil neamhspleách.

An Teicneolaíocht Dhigiteach, Seirbhísí Digiteacha agus Infreastruchtúr

Mar gheall ar staid airgeadais RTÉ agus na srianta géara dá bharr ón mbliain 2008 i leith, níorbh fholáir laghdú suntasach a dhéanamh ar infheistíocht chaipitil. Cé gur éirigh leis an eagraíocht infheistíocht a dhéanamh i bhforfheabhsúchán cinniúnach (e.g. DTT, HD, seirbhísí do ghléasra so-iompair, etc) ionas gur cinntíodh go rabhthas iomaíoch agus ábhartha don lucht féachana agus éisteachta, tá luaite ag Crowe Horwath agus ag New Era araon nach bhfuil RTÉ ag déanamh dóthain infheistíochta faoi láthair i gcórsaí caipitil.

Is é a luaigh *New Era*: ‘*this is a key concern given the importance of maintaining its [RTÉ’s] relevance in a competitive and changing technology marketplace.*’

Maoiniú san am atá romhainn 2015-2019

Tá sé geallta ag an rialtas leasú a dhéanamh ar an goóras reatha maidir le táille ceadúnais i rith ré an Ráitis Straitéise seo. D'fhéadfadh go mbeadh mar thoradh air sin go mbeadh cistí breise ar fáil le hinfeistíocht a dhéanamh i meáin chumarsáide seirbhíse poiblí gan aon ualach breise a chur ar dhaoine aonair ná ar theaghlaigh. I bhfianaise go bhfuil sé ráite ag RTÉ go bhfuiltear tiomanta cur le hinfeistíocht san earnáil léiriúcháin neamhspleách agus an borradh a thiocfadh dá réir ar Chiste Físe agus Fuaime an Údaráis Oraolacháin, bheadh leasú den rath ina spreagadh suntasach ag earnáil a bhfuil easpa infheistíochta fulaingtthe aici le cúig bliana anuas. Sheasfadh RTÉ le hiarrachtaí leasú a dhéanamh ar an goóras reatha atá ar cheann de na córais is mí-éifeachtaí san Eoraip.

I rith na mblianta seo romhainn, beidh riachtanas cistíochta leanúnach RTÉ agus an t-ardú riachtanach maidir le hinfeistíocht i goláracha agus in ábhar ag brath ar mhéadú foriomlán measartha ar ioncam tráchtála agus ar leibhéal níos airde de mhaoiniú poiblí. San dá athbhreithniú deireanacha a rinne an tÚdarás Oraolacháin ar RTÉ, moladh gur chóir maoiniú poiblí ar leibhéal níos airde a chur ar fáil do RTÉ ionas go ndéanfaí infheistíocht i goláracha agus in ábhar.

Is rímhaith is eol do RTÉ gur gá infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht dhigiteach, i seirbhísí digiteacha agus in infreastruchtúr má tá i ndán go ndéanfar athrú chun freastal ar riachtanais sho-athraitheacha an lucht

féachana agus éisteachta. Is chun tabhairt faoin easnamh sin go mór mór atá RTÉ ag breithniú roghanna éagsúla maidir le sócmhainní, an suíomh i nDomhnach Broc san áireamh, le tamall anuas.

Mhol *New Era* gur cheart na roghanna maidir le húsáid pháirt nó iomlán an tsuímh i nDomhnach Broc a scrúdú mar fhoinse bhreise infheistíochta. Molann New Era chomh maith gur cheart aon teacht isteach a ghnóthaítear ón suíomh i nDomhnach Broc san am atá romhainn a chur i leith tograí caipitil seachas a úsáid mar chiste do chaiteachas reatha.

Déanfar cinntí maidir le haon sócmhainní/maoin talún a dhíol san am atá romhainn go luath sa tréimhse a thagann faoi scáth an *Ráitis Straitéise* seo.

Tá gealltanas tugtha ag RTÉ freisin níos mó ná 50% de na cláir nua sin a choimisiúnú ón earnáil neamhspleách.

4. FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA RTÉ

Is é **Fís** RTÉ our le saol na hÉireann; eolas, siamsaíocht agus ábhar machnaimh a chur i láthair; ceangal a chothú leis an saol atá ag an uile dhuine.

Is é **Misean** RTÉ ...

An tseirbhís nuachta neamhspleách is iontaofa, is cruinne agus is neamhchlaonta in Éirinn a chur ar fáil do ré na cumarsáide ceangailte

An réimse is leithne d'ábhar agus de sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil le luach ar airgead do dhaoine de gach aois, de gach réimse spéise agus de gach pobal

Iléagsúlacht chultúir agus réigiún na hÉireann a léiriú agus deis a thabhairt do dhaoine teacht ar imeachtaí móra

Bonn taca a chur faoi léiriúchán in Éirinn agus faoi aos cruthaitheachta na hÉireann agus iad a chothú

Is iad **Luachanna** RTÉ ...

An lucht féachana agus éisteachta a thuiscint agus iad a bheith i gcorrlár gach a ndéanaimid

Bítear cruthaitheach, nuálach agus seiftiúil

Bítear macánta, tugtha don chomhar agus seiftiúil

Bítear cúramach, báúil, ionraic agus freagrach dá chéile agus don lucht éisteachta agus féachana

5. PUNANN SEIRBHÍSÍ RTÉ

Tá dlíte ar RTÉ faoin dlí a bheith freagrach maidir le leas agus ábhar spéise an phobail ar fad. Ina dhéanamh sin do RTÉ, ní mór freastal ar riachtanais réimsí iléagsúla den lucht féachana agus éisteachta gach lá. Comhlíonann RTÉ an sainordú sin trí phunann cuimsitheach seirbhísí a chur ar fáil. Is é punann RTÉ na seirbhísí sin atá riachtanach agus leordhóthanach chun dualgais seirbhíse poiblí RTÉ a chomhlíonadh trí fhreastal ar réimse forleathan réimsí spéise, ó thaobh cultúir, aoisghrúpaí, réigiúin nó an saol idirnáisiúnta.

Seirbhís	Cuntas
RTÉ One	Déanfar freastal ar an bpobal i goitinne le cláracha ardspéise, cláracha mórshuntasacha drámaíochta, faisnéise, fíorasacha agus siamsaíochta, nuacht agus cúrsaí reatha chomh maith leis an tír ar fad a thabhairt le chéile le haghaidh imeachtaí náisiúnta
RTÉ2	Beidh an nuáil mar shainchomhartha ar RTÉ2 agus cuirfear cláracha sainiúla speisiúla ar fáil do dhaoine óga na hÉireann trí chláracha fíorasacha, siamsaíochta, grinn, spóirt, faisnéise agus sraitheanna drámaíochta ón iasacht a cheannaítear isteach.
RTÉjr	Cuirfear scoideal iléagsúil d'ábhar nua as Éirinn agus d'ábhar ceannaithe ón taobh amuigh ar fáil do leanaí óga
RTÉ Radio 1	Leanfar mar an stáisiún raidió sainiúil náisiúnta trí scoideal seánraí éagsúla cainte agus ceoil a chur ar fáil do lucht éisteachta daoine fásta
RTÉ 2fm	Cuirfear leis an lucht éisteachta 20-44 bliana d'aois trí chláracha den nuáil, scoideal sármhaith ceoil agus breis ábhar spóirt agus grinn
RTÉ lyric FM	Cuirfear rogha shainiúil d'ábhar éagsúil éisteachta ar fáil don lucht éisteachta ar spéis leo an ceol clasaiceach, ceol an domhain agus an ealaín
RTÉ Raidió na Gaeltachta	Cuirfear seirbhís náisiúnta Gaeilge ar fáil trína goeanglaítear an lucht éisteachta le saol dáiríre na Gaeltachta agus na Gaeilge.
Raidió Digiteach RTÉ	Cuirfear le hiléagsúlacht agus leis an rogha ábhar éisteachta atá ar fáil in Éirinn agus cuirfear an lucht éisteachta ar an eolas faoin mbuntáiste atá le raidió digiteach agus le DAB
RTÉ Radio Player	Beidh seo ar an tseirbhís raidió beo agus ar éileamh is mó in Éirinn, d'fhonn rogha níos leithne agus réimse feidhmiúlachta níos fearr a chur ar fáil agus a bheith ina ghné chinniúnach san am atá romhainn i seirbhísí raidió déchineálacha don lucht éisteachta
RTÉ.ie	Beidh ábhar RTÉ á chur ar fáil do dhaoine in Éirinn agus thar lear trí chóras den scoth don lucht úsáide agus trína chur ar fáil ar ardáin éagsúla agus do ghléasanna éagsúla
RTÉ Player	Beidh seo ar an tseirbhís teilifíse ar éileamh is mó le rá in Éirinn, trína mbeidh rogha cláracha teilifíse RTÉ ag an lucht féachana agus iad in ann taitneamh a bhaint astu an tráth ar mian leo sin agus san áit ar mian leo sin.
RTÉ News Now	Beidh seo ar an gcainéal Nuachta agus Cúrsaí Reatha 24 uair an chloig is mó le rá in Éirinn agus é ar fáil ar an idirlíon, ar ghléasra so-iompair agus ar an teilifís
Seirbhísí Idirnáisiúnta	D'fhonn cur ar chumas Éireannaigh thar lear ceangal leis an mbaile, déanfaidh RTÉ forbairt bhreise ar na seirbhísí idirnáisiúnta a seoladh le gairid: an seinnteoir RTÉ Player International agus GAAGO (arna fhorbairt i gcomhar le CLG)
An Córas Tarchuradóireachta	Cinntear go mbeidh teilifís saor go haer ar fáil san am atá romhainn trí leanúint de SAORVIEW, seirbhís DTT na hÉireann a oibriú agus a fhorbairt. Leanfaidh 2RN (ar a dtugtaí RTÉNL roimhe seo) de chóras náisiúnta tarchuradóireachta analógach a chur ar fáil maidir le raidió ar thonnta FM.
Cartlann RTÉ	Déanfar Cartlann RTÉ a fhorbairt agus a oscailt
Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir RTÉ	Cuirfear coirmeacha ceoil beo ar ardchaighdeán ar fáil do lucht an cheoil in Éirinn agus cuideofar le daoine atá ag cur spéise den chéad uair teacht ar Cheolfhoirne agus Chóir RTÉ trí cheol ardchaighdeán a chraoladh beo
Seirbhísí Eile de chuid RTÉ	Beidh roinnt seirbhísí eile á gcur ar fáil; an RTÉ Guide, seirbhísí eolais, an seinnteoir Irish Radio Player (arna fhorbairt i gcomhar leis an IBI), etc..

Seirbhísí RTÉ san am atá romhainn

Leanfaidh RTÉ de chóiriú a dhéanamh ar na seirbhísí agus ar an bpunann seirbhísí ionas go mbeifear ag freastal ar nósanna nua maidir le meáin chumarsáide a thapú agus go gointítear go mbíonn tairbhe ag an lucht féachana agus éisteachta as cora nua sa teicneolaíocht dhigiteach.

6. AIDHMEANNA STRAITÉISE ARDLEIBHÉIL 2015-2019

Sa straitéis cúig bliana, RTÉ Inniu, Amárach 2013-2017 (an Straitéis Cúig Bliana), shonraigh RTÉ aidhmeanna ardleibhéil buntábhachtacha atá cinniúnach maidir leis an straitéis a thabhairt i góirich; ach a leasú beagán, is iad sin aidhmeanna RTÉ freisin i rith na tréimhse 2015-2019.

1. **ÁBHAR AGUS SEIRBHÍSÍ:** Cur le cláracha, le hábhar agus le seirbhísí ionas gur fearr a thagann siad lena mbíonn de dhíth ón lucht féachana agus an lucht éisteachta agus lena mbíonn siad ag súil leis.
2. **TEICNEOLAÍOCHT:** Teacht chun cinn mar eagraíocht ilmheán dáiríre ina bhfáiltítear roimh chineálacha nua teicneolaíochtaí chun seirbhísí nua a chur ar fáil atá níos fearr agus chun caidreamh a chothú le lucht féachana agus éisteachta nua.
3. **EAGRAÍOCHT OSCAILTE:** A bheith ina eagraíocht níos oscailte a roinneann acmhainní, a chomhoibríonn le páirtneirí agus a dhéanann infheistíocht a leathnaíonn agus a threisiíonn an bonn taca a chuireann RTÉ faoi eacnamaíocht réimsí na cruthaitheachta agus faoi chúrsaí digiteacha in Éirinn.
4. **FOGHLAIM AGUS FORBAIRT:** Lucht saothair ar ardleibhéal cruthaitheachta, gairmiúlachta agus ilscileanna a fhorbairt agus na deiseanna cuí acu chun freastal ar riachtanais an lucht féachana agus éisteachta san am atá romhainn.
5. **BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS:** Bainistíocht stuama a dhéanamh ar acmhainní, luach maith ar airgead a chur ar fáil; agus a bheith follasach maidir leis an úsáid a bhaintear as cistí poiblí.



7. AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA RTÉ A THABHAIRT I gCRÍCH

Sa Straitéis Cúig Bliana, leagann RTÉ amach go mionsonraithe an bealach ina dtabharfar na haidhmeanna straitéiseacha i gcrích i rith na tréimhse atá romhainn. Is léir, ar ndóigh, go bhfuil an luas ag ar féidir le RTÉ na haidhmeanna a luaitear a thabhairt i gcrích ag brath go mór ar na hacmhainní a bhíonn ar fáil chuige sin. Beidh mioneolas faoin dul chun cinn gach bliain maidir le straitéis RTÉ le fáil i Ráiteas Bliantúil RTÉ maidir le Gealltanais Feidhmíochta, a ndéanann an tÚdarás Craolacháin athbhreithniú ina leith gach bliain. Leagtar amach thíos na bearta príomhthábhachta maidir le gach ceann de na haidhmeanna.

1. ÁBHAR AGUS SEIRBHÍSÍ: Cur le cláracha, le hábhar agus le seirbhísí ionas gur fearr a thagann siad lena mbíonn de dhíth ón lucht féachana agus an lucht éisteachta agus lena mbíonn siad ag súil leis.

Is é an cuspóir poiblí is mó atá le RTÉ, agus an beart is mó a mbíonn béim air, réimse iléagsúil de chláracha agus d'ábhar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhreamanna éagsúla sa lucht éisteachta agus féachana ar fud na gcainéal agus na seirbhísí. Ní mór do RTÉ riachtanais dhreamanna iléagsúla a shásamh gach lá. Comhlíonann RTÉ an cúram sin trí phunann cuimsitheach seirbhísí a chur ar fáil. Is ionann punann seirbhísí RTÉ (mar a leagtar amach i Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ 2015) agus na seirbhísí atá riachtanach agus leordhóthanach maidir le dualgas seirbhíse poiblí RTÉ a chomhlíonadh trí fhreastal ar raon leathan réimsí spéise ó thaobh cultúir, aoisghrúpaí, réigiúin agus go hidirnáisiúnta.

Déanann RTÉ cláracha a léiriú agus a choimisiúnú lena mbaineann réimse agus caighdeán seachas mar a dhéanann aon eagraíocht eile in Éirinn. Cé go mbeidh an lucht féachana agus éisteachta ag tapú ábhar RTÉ ar bhealaí éagsúla i rith na gcuig bliana seo romhainn, ní thiocfaidh athrú ar an éileamh ar ábhar sainiúil, iléagsúil, Éireannach ar ardchaighdeán

Bearta Príomhthábhachta:

- Punann cuimsitheach de sheirbhísí meán cumarsáide a chur ar fáil lena ndéantar freastal, ar a dtógáil le chéile, ar speictream uile aoisghrúpaí an lucht féachana agus an lucht éisteachta agus ar riachtanais iléagsúla an lucht féachana agus an lucht éisteachta.

- Athbheochan agus athnuachan a dhéanamh ar na seirbhísí teilifíse agus raidió agus ar na seirbhísí digiteacha ionas go gcuirtear ábhar mórspéise ar fáil a dhéanann an freastal is fearr do riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta agus féachana.
- Cloí leis na caighdeáin eagarthóireachta is airde.
- A bheith ar an bhfoinse is iontaofa maidir le nuacht agus cúrsaí reatha na hÉireann agus na cruinne, tráchteaireacht nuachta atá ina ábhar spéise ag cách a chur ar fáil, i mBéarla agus i nGaeilge.
- An comhar leis an earnáil léiriúcháin neamhspleách a threisiú trí bhreis coimisiúnaithe agus comhoibrithe a dhéanamh.
- Ábhar Éireannach ar ardchaighdeán a chruthú agus a choimisiúnú do leanaí ina ndéantar an saol atá acusan a fhiosrú agus a léiriú trí mhodhanna ilmheán.
- Cláracha agus ábhar níos uailmhianai agus níos uilechuimsithí a léiriú maidir le réimsí na n-ealaíon, an chultúir agus na heolaíochta.
- Athnuachan a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le ceol ceolfhoirne a chur i láthair.

Léiríonn agus coimisiúnaíonn RTÉ raon agus caighdeán clár nach ndéanann aon eagraíocht eile in Éirinn.

- Caidreamh a chothú le gach duine a bhfuil Gaeilge acu, leis an gcainteoir líofa agus leis an bhfoghlaimoir, in Éirinn agus thar lear.
- Lán na tíre a thabhairt le chéile agus ócáidí i dteannta a chéile a chruthú tríd an gcríoladh a dhéantar ar imeachtaí móra náisiúnta, go háirithe i rith na bliana 2016.

Slata Tomhais:

- An sciar agus an céatadán den lucht éisteachta agus féachana
- Táscairí maidir le dearcadh an phobail
- Leagan amach an sceidil agus an meascán seánraí ar na seirbhísí
- Uaireanta an chloig d'ábhar

2. TEICNEOLAÍOCHT: Teacht chun cinn mar eagraíocht ilmheán dáiríre ina bhfáiltítear roimh chineálacha nua teicneolaíochtaí chun seirbhísí nua a chur ar fáil atá níos fearr agus chun caidreamh a chothú le lucht féachana agus éisteachta nua.

Tá deiseanna ollmhóra ann, ar ábhar spreagtha iad, maidir le meáin chumarsáide seirbhíse poiblí agus RTÉ sa réimse digiteach. Fágann cora nua sa teicneolaíocht agus an cheangailteacht nua go bhfuil deiseanna ollmhóra ann ábhar nua agus daoine le buanna nua a aimsiú agus a chruthú, caidreamh a chothú ar bhealaí nua leis an lucht féachana agus éisteachta agus teacht ar an bhfód i margai nua. Le deich mbliana anuas, tá athrú curtha ag an teicneolaíocht dhigiteach ar na modhanna ina ndéantar cláracha in RTÉ agus ar na bealaí ina gcuirtear seirbhísí ar fáil don phobal. Is é is dócha gur ag géarú a bheidh luas an athraithe i rith na mblianta seo romhainn.

Bearta Príomhthábhachta:

- Cur leis an tairbhe phoiblí as RTÉ trí ábhar, táirgí agus seirbhísí digiteacha

RTÉ a fhorbairt agus a fheabhsú i ndáil le riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta agus féachana.

- Cultúr nuála agus comharoibre níos treise a chothú ar fud RTÉ, ionas go spreagtar agus go gcothaítear tionscantaacht sa réimse digiteach, modhanna nua chun ábhar a léiriú agus caidreamh digiteach níos dlúithe leis an lucht féachana agus éisteachta.
- Infheistíocht a dhéanamh agus forbairt bhreise a dhéanamh ar SAORVIEW ionas go gcoinnítear bord ar bhord le hardáin eile craoltóireachta agus go gcoinnítear go mbíonn teacht ag gach duine in Éirinn ar chainéil agus ar sheirbhísí craoltóireachta teilifíse saor go haer agus ar ardchaighdeán.
- Páirtnéireacht straitéiseach agus tráchtála a chothú le hardáin chraoltóireachta agus le dreamanna eile lena chinntiú go mbíonn cainéil RTÉ agus seirbhísí ar éileamh RTÉ ar fáil ag gach teaghlach in Éirinn.
- Níos mó de chláracha agus d'ábhar RTÉ a dháileadh go hidirnáisiúnta tríd an tríú páirtí agus trí sheirbhísí nua idirnáisiúnta RTÉ a fhorbairt.

Slata Tomhais:

- An céatadán agus an sciar den mhargadh
- Líon na sruthanna a thapaítear agus an caidreamh ar na meáin shóisialta
- Táscairí maidir le dearcadh an phobail



7. AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA RTÉ A THABHAIRT I gCRÍCH

Ar Lean

3. EAGRAÍOCHT OSCAILTE: A bheith ina eagraíocht níos oscailte a roinneann acmhainní, a chomhoibríonn le páirtnéirí agus a dhéanann infheistíocht a leathnaíonn agus a threíonn an bonn taca a chuireann RTÉ faoi eacnamaíocht réimsí na cruthaitheachta agus chúrsaí digiteacha in Éirinn.

Tá RTÉ i gceartlár an tsaoil in Éirinn agus i lár an aonaigh maidir le hearnáil eacnamaíochta na cruthaitheachta agus na meán cumarsáide ina bhfuil daoine agus eagraíochtaí ag brath níos mó ná riamh ar a chéile. Is féidir tionchar mór a bheith ag RTÉ ar an earnáil sin ina hiomláine tríd an goaoi a ndéantar caidreamh leis an lucht féachana agus éisteachta, an chaoi a n-oibrítear ar bhonn tráchtála agus an chaoi a socraítear ábhar agus acmhainní de chuid RTÉ a chur i gcomhar. Is rímhaith a thuigtear in RTÉ an fhreagracht a thagann le maoiniú poiblí agus tá ar cheann de bhearta príomhthábhachta RTÉ i rith na mblianta

seo romhainn go mbeifí níos oscailte mar eagraíocht.

Bearta Príomhthábhachta:

- Cur leis an tuiscint ar lucht féachana agus éisteachta na hÉireann trí bhearta taighde lena ndéantar riachtanas an lucht féachana agus éisteachta, an rud a bhfuil tnúth acu leis agus an dearcadh atá acu ar ábhar agus ar sheirbhísí RTÉ a mheas.
- An cheannródaíocht a léiriú maidir le seirbhísí áise trí na híoschaighdeán a shárú agus seirbhísí nua/den nuáil a chur ar fáil nuair is féidir ionas go mbeidh rochtain ar an teilifís acu siúd a bhfuil míchumas oéadfach ag dul dóibh.
- Acmhainní dár goid a ndéantar a maoiniú go poiblí a chur i gcomhar le meáin chumarsáide eile de chuid na hÉireann trí ábhar físe nuachta a chur ar fáil do dhreamanna eile meán cumarsáide.

- Páirtnéireacht sheachtrach a chothú le dreamanna nua chun bonn daingean a chur faoin nuáil agus faoin gcomhar i gcoirsaí digiteacha agus an fhorbairt ar tháirgí agus ar sheirbhísí nua a thabhairt chun cinn.
- An pháirtnéireacht le hollscoileanna agus le forais tríú leibhéal a fhorbairt.
- An caidreamh leis an earnáil neamhbhrabúis agus le fiontraithe sóisialta a chothú.
- Straitéis nua a fhorbairt chun teacht oscailte a bheith ar ábhar Chartlann RTÉ.
- An nuáil agus an chruthaitheacht a chothú agus a chur chun cinn - go hinmheánach, san Earnáil Léiriúcháin Neamhspleách agus i bpobal na cruthaitheachta i gcoitinne.
- Campas oscailte meán cumarsáide a chothú i nDomhnach Broc trína gcothaítear agus a spreagtar an comhar agus an nuáil.

Slata Tomhais:

- Líon uaireanta an chloig d'ábhar a léirítear in Éirinn
- Líon na goláracha piolótacha a chraoltar
- Líon na gcaidreamh nua a chothaítear
- Táscairí maidir le dearcadh an phobail

4. FOGHLAIM AGUS FORBAIRT: Lucht saothair ar ardleibhéal cruthaitheachta, gairmiúlachta agus ilscileanna a fhorbairt agus na deiseanna cuí acu chun freastal ar riachtanais an lucht féachana agus éisteachta san am atá romhainn.

Mar a leagtar amach i Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ 2015, tá meáin chumarsáide seirbhíse poiblí, sa riocht is fearr, ina mhodh sármhaith chun tabhairt faoina dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an ré digiteach. Shonraigh RTÉ sa Straitéis Cúig Bliana roinnt acmhainní barrthábhachta a bheadh cinniúnach maidir le rath a bheith ar

RTÉ sa ré ceangailte, eadhon, cruthaitheacht, feabhas, solúbthacht agus soathraitheacht agus oibriú i gcomhar. Chun cumas den sórt sin a chothú, ní mór do RTÉ infheistíocht a dhéanamh in oiliúint agus cineálacha nua teicneolaíochta agus córais nua a bheith níos furasta le húsáid agus a bheith ar fáil go héasca ag lucht na foirne ar fud RTÉ. Anuas air sin, agus rud barrthábhachtach, ní mór do RTÉ comharobair i bhfad níos forleithne a chinntiú idir lucht déanta cláracha, cruthaitheoirí ábhair agus lucht teicneolaíochta. .

Bearta Príomhthábhachta:

- Cur leis an infheistíocht i bhfoghlaim agus i bhforbairt na foirne ionas go gcuirtear le hacmhainn na corparáide maidir le hiriseoireacht, meáin dhigiteacha, bainistíocht gnó agus ceannródaíocht chruthaitheach.
- Struchtúir eagrúcháin agus tionscnaimh nua a thabhairt chun cinn chun an comhar

a spreagadh agus a chothú agus ábhar agus seirbhísí ilmheáin ar ardchaighdeán a chruthú agus a chur ar fáil.

- Infheistíocht chinniúnach a dhéanamh i gcoirsaí teicneolaíochta agus in áiseanna a chuireann bonn daingean faoi sheirbhísí digiteacha forfheabhsaithe a chur ar fáil chomh maith le modhanna oibre leasaithe agus treisiú leis an gcomharoibriú.
- Bonn a chur faoi oibriú ar bhealach solúbtha agus faoi iriseoireacht agus tuairiscíocht shoghluaiste.
- Cur le bonn scoileanna RTÉ trí earcaíocht shaindirithe.

Slata Tomhais

- Leibhéil infheistíochta maidir le Foghlaim agus Forbairt
- Tagarmharcáil maidir le scoileanna agus cumas



7. AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA RTÉ A THABHAIRT I gCRÍCH

Ar Lean

5. BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS: Bainistíocht stuama a dhéanamh ar acmhainní, luach maith ar airgead a chur ar fáil; agus a bheith follasach maidir leis an úsáid a bhaintear as cistí poiblí.

Tá RTÉ anois ina eagraíocht níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ná mar a bhí cúig bliana ó shin. Táthar ag oibriú anois, mar atá cuid mhór eagraíochtaí in Éirinn, i dtimpeallacht airgeadais nua. Cé gur ghnóthaigh RTÉ barrachas beag roimh chánachas sa bhliain 2013 agus arís sa bhliain 2014, táthar ag tuar gur beag forás a thiocfaidh i rith an mheántearma. Tá staid airgeadais RTÉ an-srianta i goónaí. Dá mbeadh bonn níos daingne faoi chúrsaí airgeadais, bheadh RTÉ in acmhainn níos mó infheistíochta a dhéanamh i goúrsaí cláracha agus ábhair, cur leis an tairbhe a dhéantar don eamail neamhspleách agus infheistíocht chinniúnach a dhéanamh i gcúrsaí teicneolaíochta– nithe nach é amháin go gcuideoidís leis an rath ar RTÉ a chinntiú san am atá romhainn ach a chuirfeadh bonn

treise freisin faoin goruthaitheacht dhigiteach in eacnamaíocht na hÉireann.

Bearta Príomhthábhachta:

- A chinntiú go mbaintear amach an luach is fearr ar airgead i ngach réimse den ghnó.
- A chinntiú go mbaintear an t-ioncam is fearr as gach réimse den ghnó faoi láthair agus go ndéantar deiseanna nua ioncaim a fhiosrú agus a thabhairt chun cinn.
- A áitiú go ndéanfaí leasú ar an goóras reatha maidir le táille ceadúnais.
- Gach coinníoll faoin reachtaíocht agus faoi rialacháin a chomhlíonadh agus córais rialachais agus tuairiscíochta den sooth a choinneáil ar bun.
- Follasacht agus cuntasacht leanúnach agus forfheabhsaithe a léiriú i ndáil leis an úsáid a bhaintear as cistí poiblí.
- Trí shócmhainní a réadú, plean soiléir a leagan amach don infheistíocht sa teicneolaíocht dhigiteach, i seirbhísí digiteacha agus in infreastruchtúr.

Slata Tomhais:

- Toradh feidhmiúcháin i gcomórtas leis an mbuiséad
- Leibhéil chaiteachais faoin reachtaíocht
- Spriocanna ioncaim
- Táscairí maidir le dearcadh an phobail

Tá RTÉ i bhfad níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla mar eagraíocht inniu ná mar a bhí cúig bliana ó shin.

8. BAINISTÍOCHT PRIACAIL

Tá próiseas dian bainistíochta maidir le cúrsaí baid i bhfeidhm ag lucht Feidhmiúcháin RTÉ chun na príomhréimsí baid a bheadh roimh RTÉ a thabhairt chun suntais agus conas tuairisc a thabhairt don Bhord faoin mbealach a ndéantar bainistíocht i leith na réimsí baid. Is ar na réimsí baid sin a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de straitéis RTÉ a chur i bhfeidhm is mó a dhíríonn an lucht Feidhmiúcháin agus an Bord, nó ar bhaol a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhuanseasmhacht fhadtéarmach na heagraíochta nó do chlú RTÉ.

Clú

Damáiste a d'fhéadfaí a dhéanamh do chlú RTÉ dá dtarlódh teip thromchúiseach cloí leis na caighdeáin eagarthóireachta nó le coinníollacha eile faoin dlí nó faoi rialacháin.

Teip Cur leis an Ioncam Tráchtála

Teip cur leis an ioncam tráchtála mar gheall ar chúrsaí an mhargaidh agus ar chúrsaí iomaíochta.

Maoiniú Poiblí Leordhóthanach

An cúlú leanúnach maidir le leibhéal an chiste poiblí a chuirtear ar fáil do RTÉ (le haird ar an toradh a bhíonn ar bhoilsciú).

Athruithe Rialúcháin a Ghoillfeadh ar an Ioncam Tráchtála

Athruithe ó thaobh rialúcháin a ghoillfeadh ar fhógraíocht, ar urraíocht nó ar theacht isteach tráchtála de chineálacha eile.

Leanúnachas Gnó agus Teachnt ó Thubaiste

Teip chinniúnach ó thaobh teicneolaíochta nó aon ghné eile den infreastruchtúr a chuirfeadh isteach ar leanúnachas an ghnó agus ar an táirgiúlacht.

Cinntí faoi Ábhar

Baol a bhainfeadh leis na próisis cinntí maidir leis an mbuiséad d'ábhar dúchasach a leithroinnt a d'fhéadfadh cur isteach ar fhiúntas agus ar thábhacht RTÉ mar chraoltóir seirbhíse poiblí.

Cúrsaí Eagraíochta agus Pearsanra

Ceisteanna ó thaobh struchtúir nó easnamh ó thaobh taithí agus scileanna lucht foirne a d'fhéadfadh a bheith ina bhac ar an straitéis a thabhairt i gcrích.

Is é an t-ábhar baid a luaitear thuas an t-ábhar baid is mó a ghoillfeadh ar aidhmeanna straitéiseacha RTÉ agus is fiú dá réir sin an t-athbhreithniú agus an bhainistíocht leanúnach ina leith. Ag teacht leis an bpróiseas measúnóireachta ar bhaol straitéiseach a leagtar amach thuas, coinníonn gach rannóg gnó súil ar chlár baid chomh maith i ndáil leis an ábhar baid is buntábhachtaí don rannóg agus na bearta bainistíochta a dhéantar ina leith. Tá gach baol curtha i leith Urra Feidhmiúcháin ar a leagtar de chúram comhordú a dhéanamh ar an mbainistíocht agus ar na bearta rialála a dhéantar i ndáil leis an mbaol sin agus tuairisc a thabhairt don Phríomh-Stiúrthóir.







Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

T: +353 1 208 3111
F: +353 1 208 3080

E: info@rte.ie
www.rte.ie

twitter.com/rte
[in linkedin.com/company/rte](https://www.linkedin.com/company/rte)